Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12011/26**

**DUAL USE 53**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 296 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/821 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 296 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 296 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.6.2026
COM(2026) 296 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/821 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú**

{SWD(2026) 162 final}

## 1. RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

### 1.1 Réamhrá

Cuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil seo maidir le cur chun feidhme rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais agus maidir le Rialachán athbhreithnithe (AE) 2021/821 an 20 Bealtaine 2021 ('an Rialachán maidir le Dé-Úsáid' nó 'an Rialachán')[1] le haghaidh onnmhairí ítimí dé-úsáide in 2024 a rialú, mar aon le sonraí comhiomlánaithe an Aontais agus sonraí rialaithe onnmhairiúcháin na mBallstát le haghaidh 2024.

Léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo diongbháilteacht an Aontais faoin Rialachán feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise maidir le cinntí ceadúnúcháin na mBallstát i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin agus é mar chuspóir aige trédhearcacht a mhéadú.

Mar a cheanglaítear faoin Rialachán agus chun feabhas a chur ar an bpróiseas bailithe sonraí, d'fhoilsigh an Coimisiún, an 17 Eanáir 2024, treoirlínte a comhaontaíodh leis na Ballstáit inar leagtar amach modheolaíocht maidir le bailiú agus próiseáil sonraí ceadúnúcháin agus sonraí eile i bhfianaise ullmhú thuarascáil bhliantúil an Aontais maidir le rialuithe onnmhairiúcháin ar ítimí dé-úsáide[2]. I bhfianaise an mhéid sin, d'ullmhaigh an Coimisiún an tuarascáil seo le hionchur ó na Ballstáit[3] sa Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid. Mar gheall ar a méid, cuirtear na sonraí don bhliain 2024 a sholáthair na Ballstáit i láthair i bhformáid chomhdhlúite sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil bhliantúil seo.

### 1.2 Achoimre Feidhmiúcháin

In 2024, ba é luach iomlán na trádála dé-úsáide údaraithe EUR 77,6 billiún, is é sin, 3 % d'onnmhairí earraí lasmuigh den Aontas[4]. Ba iad na cineálacha ceadúnas a raibh an t-ualú is airde acu údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána (EUR 36.5 billiún), údaruithe aonair onnmhairiúcháin (EUR 24 bhilliún) agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas (EUR 9 mbilliún).

Ó thaobh méid de, baineann trádáil dé-úsáide 2024 le 133 470 údarú agus fógra. Tagann formhór na n-idirbheart faoi údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas (89 388), ansin faoi údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta (23 406) agus faoi cheadúnais aonair ina dhiaidh sin (18 549).

---

[1] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) – (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1): https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj.

[2] Moladh (AE) 2024/214 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2024 maidir leis na treoirlínte lena leagtar amach an mhodheolaíocht chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú de bhun Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 2024/214, 17.1.2024): http://data.europa.eu/eli/reco/2024/214/oj.

[3] Tuairiscíonn na húdaráis inniúla de chuid roinnt Ballstát go poiblí maidir leis an trádáil in ítimí dé-úsáide freisin.

[4] Áirítear leis sin sonraí deonacha maidir le húsáidí údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas.

An bhliain chéanna, tuairiscíodh 487 ndiúltú arbh fhiú EUR 0.2 billiún iad, rud a léirigh nár diúltaíodh ach do chuid bheag d’onnmhairí an Aontais (0.01 % de luach iomlán na n-earraí lasmuigh den Aontas an bhliain sin).

Soláthraítear faisnéis sa tuarascáil a tarraingíodh le chéile ó na sonraí atá ar fáil. I bhfianaise na gcleachtas agus na gcineálacha údaruithe difriúla i ngach Ballstát, ní sholáthraítear léi miondealú beacht ar thrádáil údaraithe de réir cineál ítime nó cinn scríbe i ndáil le húdaruithe onnmhairiúcháin foriomlána, arb é atá iontu 47 % den luach údaraithe in 2024. D’ainneoin sin, tá sé úsáideach fós na treochtaí a mheas maidir leis na cineálacha eile údaraithe (údaruithe aonair agus ginearálta onnmhairiúcháin), is é sin 44 % den luach údaraithe.

In 2024, chomhfhreagair na luachanna is airde d’údaruithe aonair onnmhairiúcháin agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin (Fíor 1) do na hítimí seo a leanas: Ábhair, saoráidí, gléasraí agus trealamh núicléach (22 %), Slándáil faisnéise agus ítimí agus trealamh cripteа-anailíse (21 %), Trealamh chun feistí nó ábhair leathsheoltóra a mhonarú agus a thástáil (9 %), Innill aeraspáis agus tuirbíní gáis (seachas UAV) (8 %), Ítimí eile/neamhliostaithe (8 %). Ar an iomlán, is ón liosta cineálacha ítimí i bhFíor 1 atá 90 % de luach na n-údaruithe sin.




*Fíor 1: Na cineálacha ítimí is mó de réir luach údaruithe aonair onnmhairiúcháin agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin*

Is iad an tSín (25 %), Stáit Aontaithe Mheiriceá (21 %), an Ríocht Aontaithe (7 %), an Chóiré Theas (7 %) agus an Úcráin (3 %) na príomhchinn scríbe le haghaidh údaruithe aonair onnmhairiúcháin agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin (Fíor 2). Tá tionchar ag ualú UGOnna an Aontais ar an rangú sin, go háirithe EU001 (EUR 8.6 billiún), arb é atá i gceist leis sciar mór den *luach* iomlán údaraithe faoi údaruithe onnmhairiúcháin. Dá thoradh sin, tá cinn

scríbe a shonraítear in údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin, agus go háirithe AE UGO EU001, le sonrú go láidir sa rangú, cé nach dtugtar léiriú iomlán sa liosta ar an tábhacht atá le cinn scríbe áirithe a fhaigheann *méideanna* móra onnmhairí faoi údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána, amhail an Téaváin, an Bhrasaíl, Singeapór agus Iosrael. Ar an iomlán, is ó liosta na gceann scríbe i bhFíor 2 atá 90 % de luach na n-údaruithe aonair onnmhairiúcháin agus na n-údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin.




*Fíor 2: Na cinn scríbe is mó lasmuigh den Aontas de réir luach údaruithe aonair onnmhairiúcháin agus luach ginearálta onnmhairiúcháin*

Ina theannta sin, thuairiscigh na Ballstáit go bhfuil líon cobhsaí foirne ag obair maidir le riar agus forfheidhmiú an Rialacháin in 2024 i gcomparáid le 2023. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin gur tháinig ardú ar an líon sáruithe a tuairiscíodh ó 192 in 2023 go dtí 270 in 2024. Sa chomhthéacs sin, tháinig méadú ar phionóis riaracháin agus coiriúla nó ar fhíneálacha a forchuireadh (ó aon ghníomhaireacht náisiúnta forfheidhmiúcháin ábhartha) i gcás sárú ar rialacháin maidir le rialú onnmhairí ó 122 in 2023 go 144 in 2024.

Tugtar aird ar leith leis an tuarascáil ar cheadúnú ítimí cibearfhaireachais mar chuid de ghealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca go n-úsáidfí ítimí cibearfhaireachais i ndáil le cos ar bolg inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a dhéanamh. In 2024, fuair na Ballstáit 320 iarratas san iomlán ar onnmhairiú na n-ítimí sin. Bhain an figiúr is airde leis an ítim Córais idircheaptha teileachumarsáide (233 iarratas). Sa tréimhse chéanna, eisíodh 293 údarú agus 13 ndiúltú.

Léiríonn na figiúirí sin freisin go bhfuil líon sách cobhsaí ceadúnas ann le haghaidh ítimí cibearfhaireachais i gcomparáid le 2023[5], cé go ndealraíonn sé go bhfuil an líon diúltuithe ag laghdú[6].

Mar chuid de na gníomhaíochtaí éagsúla a tionscnaíodh in 2024, lean an Coimisiún agus na Ballstáit de bheith ag díriú ar na ceanglais agus ar na sainorduithe faoin Rialachán athbhreithnithe a chomhlíonadh. Áirítear leis sin leanúint den obair sna sainghrúpaí teicniúla éagsúla i dtreo rialuithe feabhsaithe ar ítimí cibearfhaireachais, forfheidhmiú rialuithe onnmhairí, obair ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus forbairt clár fothaithe acmhainneachta agus oiliúna de chuid an Aontais d'údaráis cheadúnúcháin agus forfheidhmithe na mBallstát.

Leis na gníomhaíochtaí sin faoin Rialachán maidir le Dé-Úsáid, beidh an tAontas in ann comhoibriú ar bhealach níos éifeachtaí le comhpháirtithe chun cóineasú domhanda rialuithe a chur chun cinn, easaontais trádála a laghdú, intuarthacht do ghnólachtaí a mhéadú, luachanna an Aontais a chur chun cinn agus seasamh leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta.

[5] In 2023, eisíodh 330 cheadúnas le haghaidh ítimí cibearfhaireachais.
[6] In 2023, eisíodh 20 diúltú le haghaidh ítimí cibearfhaireachais.

## 2. TREOCHT AN BHEARTAIS & AN CHREATA RIALÁLA

### 2.1. Beartas rialaithe onnmhairí

2.1.1 Cur Chun Feidhme éifeachtach rialuithe onnmhairí an Aontais faoin Rialachán maidir le Dé-Úsáid

In 2024, lean an Coimisiún agus na Ballstáit le cur chun feidhme an Rialacháin i roinnt réimsí nua, amhail trédhearcacht, forfheidhmiú agus fothú acmhainneachta. Bhí príomhról ag an nGrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid, mar a shonraítear i Roinn 3 thíos, agus leathnaigh sé an 'bonneagar institiúideach' le haghaidh rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais trí ghníomhaíochtaí roinnt sainghrúpaí chun beartais, treoirlínte, nósanna imeachta nua, etc. a fhorbairt.

Leis an Rialachán feabhsaithe, cuirtear béim freisin ar onnmhairí ítimí cibearfhaireachais a rialú. Tugtar aghaidh ann ar an riosca féideartha go n-onnmhaireofaí ítimí den sórt sin ón Aontas Eorpach chun mí-úsáid a bhaint astu i ndáil le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is sa chomhthéacs sin a d'fhoilsigh an Coimisiún, an 16 Deireadh Fómhair 2024, treoirlínte maidir le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais faoi Airteagal 5 den Rialachán chun soiléireacht a sholáthar go príomha d'onnmhaireoirí maidir le conas dícheall cuí agus seiceálacha comhlíontachta inmheánacha a dhéanamh sula n-onnmhairítear ítimí cibearfhaireachais[7].

[7] Moladh (AE) 2024/2659 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 maidir le treoirlínte i ndáil le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, C/2024/7035 (IO L 2024/2659, 16.10.2024): http://data.europa.eu/eli/reco/2024/2659/oj.

### 2.1.2 Rialuithe onnmhairiúcháin faoi Pháipéar Bán an Choimisiúin

Moladh leis an bPáipéar Bán ón gCoimisiún, a foilsíodh an 24 Eanáir 2024, gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha chun feabhas a chur ar chomhordú na rialuithe onnmhairí ar ítimí dé-úsáide san Aontas. I measc na bpríomhbheart a mhol an Coimisiún bhí (1) cuimsiú ar liosta rialaithe an Aontais (Iarscríbhinn I) d'ítimí dé-úsáide nach raibh faoi réir rialuithe sna córais iltaobhacha i ngeall ar mhoilleanna ar chinnteoireacht; (2) fóram ar an leibhéal sinsearach a bhunú le haghaidh comhordú polaitiúil maidir le rialuithe onnmhairí; (3) sásra chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar liostaí rialaithe náisiúnta nua; agus (4) luath-mheastóireacht ar Rialachán Dé-Úsáide an Aontais. Bhí an Páipéar Bán faoi réir comhairliúchán poiblí a bhí ar siúl ón 2 Feabhra go dtí an 30 Aibreán 2024, a bhfuarthas 23 fhreagra air, rud a cuireadh le pléití inmheánacha an Choimisiúin. Ó foilsíodh an Páipéar Bán, tá an Coimisiún ag dul chun cinn go gníomhach maidir le gach ceann de na bearta sin. Thug Comhairle an Aontais Eorpaigh freagra ar an bPáipéar Bán ina Conclúidí arna nglacadh in earrach 2024[8].

### 2.1.3 Srianta ar onnmhairiú a bhaineann le táirgí atá beartaithe don Rúis

Le linn 2024, lean an tAontas Eorpach go gníomhach de shrianta ar onnmhairiú dé-úsáide a dhéanamh níos doichte i gcomhthéacs smachtbhannaí in aghaidh na Rúise, lena n-áirítear trí thrí phacáiste smachtbhannaí a ghlacadh, go háirithe srianta ar onnmhairiú a leathnú maidir le dé-úsáid 'ítimí ardteicneolaíochta', i bhfianaise faisnéise ón láthair chatha, agus trína ndírítear ar eintitis a bhfuil baint acu le saoráidí míleata-tionsclaíocha na Rúise sa Rúis agus i dtíortha nach tíortha den Aontas iad araon[9]. I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht don tionscal a d'fhorbair agus a chomhaontaigh comhaltaí G7 agus an Coimisiún, chun cuidiú leis an tionscal cleachtais imghabhála smachtbhannaí na Rúise a shainaithint ar bhealach níos fearr, chun teicneolaíocht G7 a chosaint ar úsáid mhíchuí, chun díobháil do chlú a chosc agus riosca dliteanais a mhaolú agus tacú le héifeachtacht na rialuithe agus na smachtbhannaí onnmhairiúcháin an tráth céanna[10].

Ina theannta sin, bhí an Coimisiún agus na Ballstáit rannpháirteach go gníomhach sa chomhghuaillíocht dhomhanda maidir le smachtbhannaí in aghaidh na Rúise (GECC)[11], ina bhfuil 39 gcomhalta a bhfuil rialuithe onnmhairiúcháin den chineál céanna curtha chun feidhme go substaintiúil acu mar fhreagairt ar ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022. Tá sé d'aidhm ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda Rialaithe Onnmhairí stop a chur leis na tráchtearraí, na teicneolaíochtaí agus na bogearraí chuig an Rúis agus an Bhealarúis is gá chun a bhfogha faoin Úcráin a choinneáil ar bun, agus príomhábhair a bhaint dá n-earnálacha cosanta, aeraspáis agus muirí.

---

[8] An Chomhairle Eorpach, Conclúidí ó chruinniú na Comhairle Eorpaí (ST 9439 2024 COR 1).

[9] Comhairle an Aontais Eorpaigh, Preaseisiúint 'Cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine: Glacann an tAontas an 15ú pacáiste de bhearta sriantacha':https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2024/12/16/russia-s-war-of-aggression-against-ukraine-eu-adopts-15th-package-of-restrictive-measures/.

[10] Rialú Onnmhairiúcháin agus Imghabháil Smachtbhannaí na Rúise a Chosc: Treoraíocht Nuashonraithe don Earnáil Tionsclaíochta: https://finance.ec.europa.eu/news/sanctions-vis-vis-russia-commission-publishes-g7-industry-guidance-preventing-sanctions-evasion-2024-09-24_en.

[11] Is iad an Astráil, Ceanada, 27 mBallstát an Aontais, an Íoslainn, an tSeapáin, Lichtinstéin, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Chóiré Theas, an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe agus an Téaváin comhaltaí na Comhghuaillíochta Domhanda Rialaithe Onnmhairí.

### 2.1.4 Comhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad in 2024

Tionóladh an séú cruinniú aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe i Lováin an 4-5 Aibreán 2024[12]. D'aithin an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe araon ról Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM ó thaobh comhordú a dhéanamh ar rialuithe arna bhforchur mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus chuir sé roimhe a gcuid tosaíochtaí faoi seach a ailíniú tuilleadh[13].

An 8-9 Deireadh Fómhair 2024, d'óstáil an Coimisiún an Ceathrú hIdirphlé ar Rialachas maidir le Rialú Onnmhairiúcháin sa Bhruiséil faoin teideal '*Catch-all Controls and Recommendations on Related Internal Compliance Programs for Companies*' [Rialuithe agus Moltaí Uileghabhálacha maidir le Cláir Chomhlíontachta Inmheánacha Ghaolmhara do Chuideachtaí], a eagraíodh faoi chlár rialaithe onnmhairiúcháin 'comhpháirtí go comhpháirtí' an Aontais (EUP2P) agus lena raibh baint ag tíortha agus ag eagraíochtaí comhpháirtíochta. Bhí an tIdirphlé ar siúl chun líonrú a neartú, feasacht a ardú agus acmhainneacht a fhothú i measc thíortha comhpháirtíochta EUP2P agus páirtithe leasmhara ábhartha maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm praiticiúil na rialuithe onnmhairiúcháin uileghabhálacha agus cleachtais chomhlíontachta ghaolmhara faoi chreataí straitéiseacha rialaithe trádála an Aontais.

Ar deireadh, thionóil an tAontas agus an Iorua Idirphlé Rialaithe Onnmhairiúcháin idir an tAontas agus an Iorua an 6 Feabhra 2024. Phléigh na páirtithe na forbairtí rialála i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin, roinn siad a gcuid tuairimí ar chinn scríbe atá ina n-údar imní agus phléigh siad na smachtbhannaí in aghaidh na Rúise. Chuir an Iorua an tAontas ar an eolas maidir lena cuid pleananna roinn nua a bhunú le haghaidh rialú agus smachtbhannaí onnmhairiúcháin a bheidh i gceannas ar anailís, ceadúnú agus forfheidhmiú.

## 2.2. Nuashonruithe ar liosta rialaithe an Aontais

Go bunúsach, soláthraítear le Liosta Rialaithe an Aontais in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán liosta d'ítimí dé-úsáide, lena n-áirítear bogearraí agus teicneolaíocht, atá faoi réir rialuithe i bhfianaise na húsáide a d'fhéadfaí a bhaint astu chun críoch sibhialta agus míleata araon. Déantar an liosta a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun athruithe ar na córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí a léiriú, i.e. Comhshocraíocht Wassenaar, Grúpa na hAstráile, Grúpa na Soláthraithe Núicléacha agus an Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán.

An 5 Meán Fómhair 2024, ghlac an Coimisiún le nuashonrú bliantúil ar Iarscríbhinn I, a tháinig i bhfeidhm an 8 Samhain 2024, rud a d'fhág go raibh Rialachán Dé-Úsáide an Aontais ar aon

[12] I mí an Mheithimh 2021, bhunaigh an tAontas Eorpach agus SAM an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM, a tháinig le chéile den chéad uair in Pittsburgh an 29 Meán Fómhair 2021 agus chomhaontaigh dearbhú comhpháirteach uaillmhianach, lena n-áirítear comhar maidir leis an rialú onnmhairí. Tá ceann de na deich meitheal tiomnaithe do rialuithe onnmhairí, agus iad ag comhroinnt faisnéise agus ag obair ar thopaicí cosúil le forbairtí ó thaobh na reachtaíochta agus na rialála de, measúnuithe riosca agus dea-chleachtais a cheadúnú, mar aon le cuir chuige i leith comhlíontacht agus forfheidhmiú tionsclaíoch. Thairis sin, tá sé d'aidhm ag an meitheal sin cuir chuige chóineasaithe a chur chun cinn i leith rialú ar theicneolaíochtaí dé-úsáide íogaire, agus gníomhaíochtaí for-rochtana comhpháirteacha san aos tionscail maidir le rialuithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide.

[13] Preaseisiúint: 'Leanann an tAontas agus na Stáit Aontaithe den chomhar láidir trádála agus teicneolaíochta tráth a bhfuil dúshláin dhomhanda ann', 5 Aibreán 2024: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_24_1827.

líne le cinntí a glacadh go foirmiúil mar chuid de na córais iltaobhacha in 2023[14]. Áirítear leis an liosta nuashonraithe iontrálacha nua i réimse na ngléasraí agus an trealaimh núicléach, chomh maith le tocsainí breise, réamhtheachtaithe ceimiceacha agus trealamh laghdaithe fuaime.

### 2.3. Bearta náisiúnta cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin

Tá an Rialachán maidir le Dé-Úsáid ina cheangal go huile agus go hiomlán agus tá sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát. Áirítear leis, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, liosta coiteann ítimí a díorthaíodh ó na córais iltaobhacha rialaithe onnmhairiúcháin nach mór a bheith faoi réir rialuithe i ngach Ballstát. Foráiltear leis, áfach, go bhféadfaidh na Ballstáit bearta náisiúnta áirithe a dhéanamh chun forálacha sonracha den Rialachán a chur chun feidhme, agus ceanglaítear leis go bhfoilseoidh an Coimisiún faisnéis den sórt sin maidir le bearta náisiúnta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Áirithítear leis an bhfoilseachán sin trédhearcacht na rialacha is infheidhme agus léirítear leo iarrachtaí an Aontais tacú le cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach rialuithe ag onnmhaireoirí ar fud an Aontais.

Soláthraíodh faisnéis sa Nóta Faisnéise a foilsíodh an 2 Deireadh Fómhair 2024[15] ó na Ballstáit maidir leis an gcaoi a mbaineann siad úsáid as na féidearthachtaí dá bhforáiltear sa Rialachán lena n-áirítear chun rialuithe bróicéireachta agus idirthurais a leathnú, rialuithe a leathnú chun ítimí neamhliostaithe a chuimsiú ar chúiseanna slándála poiblí agus chun ceisteanna chearta an duine a chur san áireamh, údaruithe onnmhairiúcháin ginearálta náisiúnta a thabhairt isteach, agus rialuithe ar aistriú laistigh den Aontas a chur i bhfeidhm le haghaidh ítimí neamhliostaithe.

### 2.4 Onnmhairí ó Thuaisceart Éireann

Tháinig onnmhairiú ítimí dé-úsáide ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe faoi réir rialú faoin Rialachán le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 1 Eanáir 2021[16]. Leagtar socruithe sonracha amach i bPrótacal Thuaisceart Éireann[17], lena bhforáiltear go bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leis an Ríocht Aontaithe, agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann[18], agus an Ríocht Aontaithe ag gníomhú mar údarás inniúil faoin Rialachán le haghaidh onnmhairí ó Thuaisceart Éireann chuig tíortha nach de chuid an Aontais iad. D'fhorbair an Coimisiún uirlis leictreonach shlán thiomnaithe chun tacú le malartú faisnéise le húdarás inniúil na Ríochta Aontaithe atá i gceannas ar an Rialachán a chur i bhfeidhm i dtaca leis an sreabhadh earraí isteach agus amach as Tuaisceart Éireann, uirlis a úsáideadh le linn 2024. Cuireann sé sin ar a cumas d'údaráis na Ríochta Aontaithe rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le diúltuithe le haghaidh idirbhearta atá comhionann go bunúsach ar diúltuithe arna n-eisiúint ag Ballstáit an Aontais, agus comhairliúcháin dhéthaobhacha a bheith acu leis na Ballstáit eisiúna, dá bhforáiltear sa Rialachán.

---

[14] RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta ítimí dé-úsáide: https://policy.trade.ec.europa.eu/news/2025-update-eu-control-list-dual-use-items-2025-09-08_en.

[15] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ:C_202405881.

[16] Idir an dá linn, cuireadh an Ríocht Aontaithe le hÚdarú Onnmhairiúcháin Ginearálta EU001 ón Aontas.

[17] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7 ('Comhaontú um tharraingt siar').

[18] Airteagal 5(4) de Phrótacal Thuaisceart Éireann agus Roinn 47 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin.

## 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN GHRÚPA COMHORDÚCHÁIN UM DHÉ-ÚSÁID

Leis an nGrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid (DUCG), faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, tugtar saineolaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit le chéile chun aon saincheist a scrúdú ar saincheist í a bhaineann le cur i bhfeidhm rialuithe onnmhairiúcháin[19]. In 2024, thionóil an Grúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid ocht gcruinniú: an 16 Eanáir, 14 Márta, 16 Bealtaine, 3 Iúil, 12 Meán Fómhair, 4 Deireadh Fómhair, 6 Samhain agus 11 Nollaig.

### 3.1. Comhairliúcháin maidir le saincheisteanna ó thaobh cur chun feidhme de - malartú ginearálta na faisnéise

Rinne an Coimisiún agus ionadaithe na mBallstát sa Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid malartuithe faisnéise maidir le saincheisteanna rialaithe onnmhairiúcháin, maidir leo seo a leanas, go háirithe:

- aistrithe doláimhsithe teicneolaíochta (ITT) a chur chun feidhme;

- ceadúnais ghinearálta náisiúnta;

- údaruithe mórthionscadail;

- an sainmhíniú ar 'onnmhaireoir';

- an léiriú ar Airteagal 16(1) den Rialachán;

- rialuithe idirthurais a chur chun feidhme;

- rialuithe cúnaimh theicniúil a chur chun feidhme;

- earraí de chuid an Aontais a ath-onnmhairiú ar aghaidh ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad; agus

- láimhseáil earraí a thugtar isteach go sealadach san Aontas.

### 3.2 Treoirlínte

Tar éis plé a dhéanamh laistigh den Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte d'onnmhaireoirí teicneolaíochtaí cibearfhaireachais agus treoirlínte maidir le bailiú agus próiseáil sonraí ar rialuithe onnmhairiúcháin.

Ar an gcéad dul síos, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte ar bhailiú agus ar phróiseáil sonraí maidir le rialuithe onnmhairiúcháin an 17 Eanáir 2024[20]. Leagtar síos leis na treoirlínte sin na nósanna imeachta mionsonraithe chun sonraí ceadúnúcháin a bhailiú ó údaráis náisiúnta chun

[19] An tuarascáil sin, is í an tuarascáil bhliantúil freisin í a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le gníomhaíochtaí, scrúduithe agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid.

[20] Moladh (AE) 2024/214 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2024 maidir le treoirlínte lena leagtar amach an mhodheolaíocht chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú de bhun Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 2024/214, 17.1.2024): http://data.europa.eu/eli/reco/2024/214/oj.

trédhearcacht agus comhroinnt faisnéise a fheabhsú. Leis sin bítear in ann staitisticí níos mionsonraithe maidir le húdaruithe agus diúltuithe a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil an Aontais maidir le rialú onnmhairiúcháin. Trí fheabhas a chur ar an tuairisciú poiblí, is é is aidhm do na treoirlínte pictiúr níos soiléire a thabhairt d'onnmhaireoirí, don tsochaí shibhialta agus don phobal maidir le rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais a chur chun feidhme, tacú leis an idirphlé le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus dea-chleachtais tuairiscithe a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.

Ar an dara dul síos, an 16 Deireadh Fómhair 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte d'onnmhaireoirí ítimí cibearfhaireachais leis an rún feasacht a ardú maidir leis na rioscaí go mbainfear mí-úsáid as ítimí den sórt sin agus uirlisí praiticiúla a chur ar fáil d'onnmhaireoirí chun measúnú a dhéanamh ar thionchair mí-úsáide den sórt sin ó thaobh chearta an duine de[21]. Is é is aidhm do na treoirlínte rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí ar fud na mBallstát trí chuidiú le honnmhaireoirí seiceálacha díchill chuí a dhéanamh trí chur chuige céim ar chéim maidir le scagadh idirbheart. Neartaíonn na treoirlínte an colún 'cosanta' de straitéis slándála eacnamaíche an Aontais 2023 trí chleachtais onnmhairiúcháin atá freagrach agus slán a chur chun cinn.

### 3.3 Malartú teicniúil faisnéise – sainghrúpaí teicniúla

Sholáthair údaráis inniúla na mBallstát sa Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid saineolas teicniúil chun tacú le liosta rialaithe an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, agus bhí siad i mbun plé maidir le roinnt saincheisteanna sonracha cur chun feidhme, mar a luaitear thuas.

Faoi chomhordú an Choimisiúin, rinne an Grúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid tionscnaimh freisin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cur chun feidhme teicniúla áirithe. Aithnítear ról sonrach na sainghrúpaí teicniúla anois in Airteagal 24(3) den Rialachán.

Bunaíodh an sásra um chomhordú forfheidhmithe i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán agus tháinig sé le chéile 6 huaire in 2024 chun tacú le malartú faisnéise agus comhar díreach idir údaráis inniúla agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe na mBallstát.

Ar deireadh, thionóil an Sainghrúpa Teicniúil um Fhothú Acmhainneachta (CB-TEG) a thríú agus a cheathrú cruinniú dul chun cinn an 13 Márta agus an 17 Bealtaine 2024, a bhí tiomnaithe, faoi seach, chun na tosaíochtaí le haghaidh 2024 a shainaithint agus an t-ábhar a roghnú don ócáid bhliantúil um fhothú acmhainneachta agus chun foirne a bhunú le bheith i gceannas ar a eagrú. Ina dhiaidh sin, tionóladh seimineár teicniúil um fhothú acmhainneachta de chuid an Aontais i mBúdaipeist an 18 Meán Fómhair 2024 maidir le bearta srianta dé-úsáide, a bhí á óstáil ag Uachtaránacht na hUngáire, i gcomhthráth leis an 17ú seimineár ceadúnúcháin JRC-NNSA22 maidir leis an ábhar céanna ach ina raibh léachtaí comhlántacha agus rannpháirtíocht níos leithne ó thíortha nach tíortha den Aontas iad.

[21] Moladh (AE) 2024/2659 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 maidir le treoirlínte i ndáil le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, C/2024/7035 IO L, 2024/2659, 16.10.2024): http://data.europa.eu/eli/reco/2024/2659/oj.

[22] Údarás Náisiúnta na Stát Aontaithe um Shlándáil Núicléach (NNSA).

### 3.4 Tacaíocht theicniúil don ullmhú chun liosta rialaithe an Aontais agus bearta náisiúnta cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta

Thionóil an Grúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid seisiún faisnéise teicniúla an 14 Márta 2024 chun tacú le hullmhú an togra le haghaidh Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena dtugtar liosta rialaithe an Aontais cothrom le dáta. Ghlac an Coimisiún an gníomh tarmligthe an 5 Meán Fómhair 2024.

Rannchuidigh an Grúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid freisin leis an nuashonrú ar an bhfógra faisnéise oifigiúla maidir le bearta náisiúnta a foilsíodh an 2 Deireadh Fómhair 2024 agus ar an athbhreithniú ar chomhthiomsú liostaí rialaithe náisiúnta an Aontais an 27 Meán Fómhair 2024[23].

### 3.5 Malartú sonraí ceadúnúcháin agus cur chun feidhme

Thionscain an Grúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid an bailiúchán de shonraí ceadúnúcháin 2022-2023 faoi threoirlínte 2024 maidir le bailiú agus próiseáil sonraí, féachaint leis an tuarascáil bhliantúil a foilsíodh an 30 Eanáir 2025 a fhorlíonadh.

### 3.6 Uirlisí TF chun faisnéis a mhalartú i measc na mBallstát agus le haghaidh an cheadúnúcháin leictreonaigh

Lean an Coimisiún, le tacaíocht ón nGrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid, den chóras leictreonach dé-úsáide a fhorbairt mar chnámh droma TF líonra rialaithe onnmhairí dé-úsáide an Aontais. Tá príomhról ag an ardán sin i gcur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin.

Forbraíodh feidhmiúlachtaí DUeS nó tugadh cothrom le dáta iad, mar a leanas:

1. ag ceadú do na Ballstáit sonraí ceadúnúcháin a chomhroinnt leis an gCoimisiún, faoi mar a shainordaítear in Airteagal 26(3) den Rialachán Dé-Úsáide, i gcomhréir leis na treoirlínte a forbraíodh leis na Ballstáit maidir le bailiú agus próiseáil sonraí maidir le rialuithe onnmhairiúcháin (treoirlínte trédhearcachta);

2. ag ceadú do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le ceanglas údarúcháin a fhorchur ar bhonn liosta rialaithe náisiúnta, de bhun Airteagal 10;

3. ag ceadú malartú deonach faisnéise i measc na mBallstát maidir le cur chun feidhme Airteagail 9 agus 10, mar a fhoráiltear i Moladh 2025/683 ón gCoimisiún maidir le liostaí náisiúnta rialaithe a chomhordú[24]; agus

4. tugadh feidhmiúlachtaí atá ann cheana cothrom le dáta, go háirithe ag tagairt do bhainistiú díolúintí/údaruithe agus diúltuithe a bhaineann leis na bearta sriantacha in

[23] Nóta Faisnéise – Le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú: Faisnéis maidir le bearta arna nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 4, 5, 6, 7, 8, 9, 11, 12, 22 agus 23 (PUB/2024/740), IO C/2024/5881, 2.10.2024: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5881/oj.

[24] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32025H0683.

aghaidh na Rúise agus na Bealarúise, agus ag tagairt don bhunachar sonraí ítimí atá faoi réir rialaithe de bhun an Rialacháin.

Ba é 2024 an ceathrú bliain oibre ag an gcóras ríomhcheadúnúcháin dé-úsáide, ar bhain an Laitvia, an Rómáin, an Iodáil, an tSlóivéin agus an Bheilg (údaráis na Vallúine) úsáid as le linn na tréimhse tuairiscithe. Léirigh an Ungáir agus an Bheilg (Réigiún na Bruiséile) spéis a bheith páirteach sa tionscadal.

Lasmuigh den Aontas, agus mar chuid dá chomhar le tíortha comhpháirtíochta, rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhféidearthacht an uirlis ríomhcheadúnúcháin a sholáthar do thíortha comhpháirtíochta. Chuir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chirgeastáin agus an tSeirbia in iúl gur spéis leo an uirlis a úsáid.

Leis an tionscadal ríomhcheadúnúcháin feabhsaítear go leanúnach an t-idirnasc atá ag na córais chustaim náisiúnta trí Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam. Fágann sé sin go bhfuil sé i bhfad níos éasca faisnéis a chomhroinnt thar theorainneacha le húdaráis chustaim, rud a laghdaíonn an t-ualach rialála ar oibreoirí agus a ligeann do bhainistiú uathoibríoch ceadúnúcháin. Déantar é sin tríd an ardán malartaithe deimhnithe ‘CERTEX’, arna bhainistiú ag AS TAXUD. Tá an t-idirnasc idir ríomhcheadúnú agus na córais chustaim náisiúnta i bhfeidhm ó bhí mhí na Nollag 2022 ann. Tá údaráis chustaim na Rómáine páirteach sa chóras ó mhí Aibreáin 2024.

Arna iarraidh sin do na Ballstáit a bhfuil córais ríomhcheadúnúcháin á n-úsáid acu cheana féin, i mí Aibreáin 2022 thionscain an Coimisiún tionscadal nua ‘droichead ríomhcheadúnúcháin’ chun gur féidir córais náisiúnta cheadúnúcháin a nascadh le córais chustaim trí ríomhcheadúnú. Bhí an Fhionlainn mar chuid den tionscadal píolótach agus thástáil sí an t-idirnasc in 2024.

## 4. Rialuithe onnmhairí an Aontais – na príomhshonraí

Foráiltear le hAirteagal 26 den Rialachán nach mór go n-áireofar le tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cur chun feidhme na rialuithe faisnéis ábhartha maidir le húdaruithe, diúltuithe agus toirmisc, mar aon le faisnéis maidir le rialuithe den sórt sin a riar agus a fhorfheidhmiú.

Cuirtear i láthair sa Roinn seo sonraí comhiomlána an Aontais maidir le rialú onnmhairí le haghaidh na bliana tagartha 2024. Mar gheall ar a méid, cuirtear na sonraí foluiteacha a sholáthair na Ballstáit i láthair i bhfoirm chomhdhlúite sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Cuireadh na sonraí ar fáil i gcomhréir le treoirlínte tuairiscithe sonracha (‘na Treoirlínte’)[25]. Faoi na treoirlínte sin, tá an mhodheolaíocht bailithe sonraí ceaptha le bheith inbhuanaithe le himeacht ama, rud a chuireann ar a gcumas do na Ballstáit faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún ar bhealach éifeachtúil agus costéifeachtach, atá fónta ó thaobh staidrimh de agus aird chuí á tabhairt ar fhaisnéis phearsanta, faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis chosanta maidir le cosaint, beartas eachtrach nó slándáil náisiúnta a chosaint.

[25] Moladh (AE) 2024/214 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2024 lena leagtar amach an mhodheolaíocht chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú de bhun Rialachán (AE) 2021/821 (‘na Treoirlínte’).

## 4.1 Nótaí modheolaíochta

Baineann an Rialachán go príomha le honnmhairiú níos mó ná 1 800 ítim dé-úsáide a liostaítear i Liosta Rialaithe an Aontais, a aicmítear i 10 gCatagóir (Fíor 3). Is é sin an bhunréasúnaíocht a thug ar an Aontas na hiontrálacha in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán a ghrúpáil de réir 'cineálacha ítimí' chun críoch thuarascáil bhliantúil an Aontais[26].



*Fíor 3: An líon ítimí dé-úsáide a liostaítear sna 10 gCatagóir d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán*

Chun an leibhéal trédhearcachta is gá sa tuairisciú poiblí a cheadú agus bailiú éifeachtúil inbhuanaithe sonraí á áirithiú le himeacht ama, an bhonnlíne maidir le cinneadh cineálacha ítimí, rinneadh cinneadh go dtógfadh an bhonnlíne ar aicmiú sonrach ítimí dé-úsáide a úsáidtear sa Rialachán ar leibhéal 5 dhigit agus é á áirithiú ag an tráth céanna go soláthróidh an ceannteideal 'cineálacha ítimí' faisnéis fhiúntach ó thaobh slándála, beartais agus trádála de[27].

Tugtar tuairisc in Iarscríbhinn A a ghabhann leis na Treoirlínte ar an liosta de 52 'chineál ítimí' a úsáidtear chun sonraí ceadúnúcháin a bhailiú agus chun an tuarascáil bhliantúil seo a ullmhú. Déantar na húdaruithe a mhiondealú de réir cineáil ítime agus de réir cinn scríbe ábhartha i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin agus cineál, cuspóir agus saintréithe na gcineálacha éagsúla údaruithe á gcur san áireamh, chomh maith leis na cleachtais éagsúla sna Ballstáit maidir le húdaruithe a dheonú agus sonraí a bhailiú. Thairis sin, ba ghá an bailiú sonraí ábhartha agus an cur isteach sonraí ábhartha ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún a oiriúnú de réir gnéithe sainiúla na gcineálacha éagsúla údaruithe agus cleachtas náisiúnta. Ar an gcúis sin, soláthraítear leis na figiúirí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo an líon Ballstát a sholáthair na sonraí is bun le gach cineál údaraithe[28]. Aithnítear leis an modheolaíocht freisin go bhféadfadh údaruithe tagairt a dhéanamh do níos mó ná ítim aonair amháin a thagann faoi chineálacha éagsúla ítimí.

Maidir le hítimí cibearfhaireachais, cuimsítear leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 2(20) den Rialachán na hítimí a liostaítear in Iarscríbhinn I mar aon le hítimí

[26] Cf. Airteagal 26(2) den Rialachán.
[27] E.g. ECCN 0A001: Imoibreoirí núicléacha.
[28] Áirítear leis sin sonraí deonacha maidir le húsáidí údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas. Ní chumhdaítear na 27 mBallstát uile den Aontas leis na sonraí sna figiúirí seo.

neamhliostaithe araon. Sainaithnítear le hIarscríbhinn B a ghabhann leis na Treoirlínte cúig ítim in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán lena gcomhlíontar an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 2(20). Is ar bhonn cás ar chás a dhéanann na Ballstáit agus an Coimisiún laistigh den Sainghrúpa um Theicneolaíocht Faireachais an cinneadh an gcomhlíonann ítim shonrach neamhliostaithe ceanglais an tsainmhínithe dhlíthiúil. Ní mór iarratais agus údaruithe le haghaidh ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe a áireamh leis an tuarascáil bhliantúil freisin i gcomhréir le hAirteagal 26(2) den Rialachán, bunaithe ar shonraí a sholáthraíonn na Ballstáit. Is féidir iarratais agus údaruithe le haghaidh ítimí liostaithe eile a áireamh sa tuarascáil, bunaithe ar chinneadh an údaráis inniúil ábhartha.

### 4.2 Forbhreathnú ar údaruithe de réir cineál ceadúnais[29]

In 2024, ba é luach iomlán na trádála dé-úsáide údaraithe EUR 77,6 billiún, is é sin, 3 % d'onnmhairí earraí lasmuigh den Aontas (Fíor 4) agus méadú i gcomparáid le 2023 (EUR 71 billiún). I dtéarmaí uimhreacha, is é sin 133 470 údarú agus fógra[30]. Maidir leis na cineálacha údaruithe, tagann formhór na n-idirbheart faoi údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas (89 388), faoi údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta (23 406) agus faoi cheadúnais aonair (18 549), ar ionann iad leis an rangú in 2023. I dtéarmaí luacha, ba iad na cineálacha ceadúnas a raibh an t-ualú is airde acu údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána (EUR 36.5 billiún, 47 % den trádáil údaraithe iomlán), údaruithe aonair onnmhairiúcháin (EUR 24 billiún, 31 % den iomlán) agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas (EUR 9 billiún, 12 % den iomlán).

### 4.3 Diúltuithe agus toirmisc

In 2024, tuairiscíodh 487 ndiúltú arbh é luach EUR 0.2 billiún a bhí i gceist leo. Léirítear leis na figiúirí sin nár diúltaíodh ach do chuid bheag d'onnmhairí an Aontais (0.01 % de luach na n-onnmhairí iomlána earraí lasmuigh de AE an bhliain sin). Léiríonn sé sin uimhir níos ísle agus luach diúltuithe níos ísle i gcomparáid le 2023 ach baineann an céatadán céanna d'onnmhairí lasmuigh den Aontas leis.

[29] I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 26(2) den Rialachán, nach n-áirítear le Ranna 4.2 go 4.7 den tuarascáil seo sonraí a bhaineann le hítimí cibearfhaireachais. Soláthraítear faisnéis maidir leis na hítimí sin i Roinn 5 thíos.
[30] Áirítear leis sin sonraí deonacha maidir le húsáidí údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas.




*Fíor 4*: *Údaruithe onnmhairiúcháin de réir cineál ceadúnais*

## 4.4 Údaruithe aonair

Is é atá in údaruithe aonair ceadúnais a thugtar d'aon onnmhaireoir sonrach amháin le haghaidh aon úsáideoir deiridh nó aon choinsíní amháin i dtír nach de chuid an Aontais í agus lena gcumhdaítear aon ítim dé-úsáide amháin nó níos mó. Mar a shonraítear sna Treoirlínte, meastar gur ceadúnais aonair iad na hítimí a leanas chun críche na tuarascála seo: údaruithe aonair onnmhairiúcháin, údaruithe bróicéireachta, údaruithe cúnaimh theicniúil, údaruithe idirthurais, údaruithe aistrithe laistigh den Aontas, údaruithe faoi bheart rialaithe náisiúnta agus údaruithe le haghaidh ítimí neamhliostaithe.

Leis an bhforbhreathnú ar údaruithe aonair in 2024 de réir na 10 gcatagóir ítimí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, mar aon le hítimí neamhliostaithe atá faoi réir rialuithe (Fíor 5), léirítear gur deonaíodh an líon is airde údaruithe i dtéarmaí luach margaidh d'ábhair, saoráidí agus trealamh núicléach (EUR 12.2 billiún, 36 % den iomlán). Tháinig teileachumarsáid agus 'slándáil faisnéise' sa dara háit (EUR 6.7 billiún, 20 % den iomlán), agus Aerspás agus tiomáint sa tríú háit (EUR 4.6 billiún, 13 % den iomlán). Maidir le méid na n-údaruithe aonair, ba é Próiseáil ábhar (5 891, 27 % den iomlán) an figiúr is mó, agus ina dhiaidh sin Teileachumarsáid agus 'slándáil faisnéise' (4 405, 20 % den iomlán), agus Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar (4 293, 20 % den iomlán).




*Fíor 5: Údaruithe aonair onnmhairiúcháin de réir catagóir ítimí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821*

Léirítear le miondealú ar luach údaruithe aonair de réir chineál na n-ítimí (Fíoracha 6.1 agus 6.2) gurb iad na cúig ítim is mó Ábhair, saoráidí, gléasraí agus trealamh núicléach (EUR 9.2 billiún, 27 % den iomlán), Ítimí agus trealamh slándála faisnéise agus criptea-anailíse (EUR 5.5 billiún, 16 % den iomlán), Innill aerspáis agus tuirbíní gáis (seachas aerárthach gan foireann (AGF)) (EUR 3.5 billiún, 10 % den iomlán), Eile/neamhliostaithe (EUR 3.2 billiún, 9 % den iomlán), agus Teicneolaíocht le haghaidh ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach (EUR 2.1 billiún, 6 % den iomlán).

**Údaruithe onnmhairiúcháin aonair de réir na gcineálacha ítimí is mó in Iarscríbhinn A a ghabhann le MOLADH (AE) 2024/214 ón gCOIMISIÚN**

| Cineál ítim | | Luach EUR | Méid |
|---|---|---|---|
| 0EC1 | Ábhair, saoráidí, gléasra agus trealamh núicléach | 9,178M | 1,153 |
| 0EC2 | Bogearraí le haghaidh ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach | 884M | 219 |
| 0EC3 | Teicneolaíocht le haghaidh ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach | 2,138M | 416 |
| 1EC1 | Ábhair, comhpháirteanna agus struchtúir le haghaidh aerárthaí/aeraspáis | 35M | 132 |
| 1EC2 | Pléascáin, liáin agus trealamh gaolmhar | 597M | 381 |
| 1EC3 | Ábhair shnáithíneacha, fhiliméadacha, agus trealamh táirgthe | 349M | 234 |
| 1EC4 | Miotail agus cóimhiotail speisialta agus trealamh lena n-aghaidh | 220M | 522 |
| 1EC5 | Ítimí agus trealamh sa réimse núicléach | 38M | 94 |
| 1EC6 | Ceimiceáin thocsaineacha, réamhtheachtaithe, pataiginí, tocsainí agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe, trealamh cosanta agus braite gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara | 635M | 2,805 |
| 1EC7 | Bogearraí le haghaidh ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar | 1M | 44 |
| 1EC8 | Teicneolaíocht le haghaidh ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar | 20M | 81 |
| 2EC1 | Uirlisí agus córais meaisín agus comhpháirteanna le haghaidh trealamh tionsclaíoch | 1,524M | 2,002 |
| 2EC2 | Trealamh monaraithe ceimicigh agus bitheolaíoch | 1,009M | 3,395 |
| 2EC3 | Bogearraí le haghaidh próiseáil ábhar | 23M | 377 |
| 2EC4 | Teicneolaíocht le haghaidh próiseáil ábhar | 32M | 117 |
| 3EC1 | Ítimí leictreonacha agus comhpháirteanna leictreonacha | 307M | 609 |
| 3EC2 | Cóimeálacha leictreonacha, modúil leictreonacha agus trealamh leictreonach | 75M | 211 |
| 3EC3 | Ítimí leictreonacha is féidir a úsáid i bhfeidhmeanna núicléacha | 118M | 588 |
| 3EC4 | Trealamh chun feistí leathsheoltóra a mhonarú agus a thástáil ábhair | 721M | 156 |
| 3EC5 | Ábhair leathsheoltóra | 5M | 27 |
| 3EC6 | Bogearraí le haghaidh leictreonaic | 25M | 41 |
| 3EC7 | Teicneolaíocht le haghaidh leictreonaic | 173M | 182 |
| 4EC1 | Ríomhairí | 45M | 34 |
| 4EC2 | Bogearraí le haghaidh ríomhairí | 1M | 5 |
| 4EC3 | Teicneolaíocht le haghaidh ríomhairí | 1M | 14 |
| 5EC1 | Ítimí agus trealamh teileachumarsáide | 130M | 221 |

Sonraí arna soláthar ag 27 mBallstát

*Fíor 6.1: Údaruithe aonair onnmhairiúcháin de réir cineál ítimí (Cuid 1)*

**Údaruithe onnmhairiúcháin aonair de réir na gcineálacha ítimí is mó in Iarscríbhinn A a ghabhann le MOLADH (AE) 2024/214 ón gCOIMISIÚN**

| Cineál ítim | | Luach EUR | Méid |
|---|---|---|---|
| 5EC2 | Ítimí agus trealamh slándála faisnéise agus criptea-anailíse | 5,479M | 2,656 |
| 5EC3 | Bogearraí le haghaidh teileachumarsáide agus na slándála faisnéise | 1,043M | 1,383 |
| 5EC4 | Teicneolaíocht le haghaidh teileachumarsáide agus na slándála faisnéise | 93M | 145 |
| 6EC1 | Trealamh optúil agus fuaimiúil, comhpháirteanna agus ábhair ghaolmhara, braiteoirí eile | 517M | 1,042 |
| 6EC2 | Léasair, trealamh gaolmhar agus ábhair ghaolmhara | 800M | 508 |
| 6EC3 | Córais radair, trealamh gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara | 117M | 133 |
| 6EC4 | Bogearraí le haghaidh braiteoirí agus léasar | 9M | 24 |
| 6EC5 | Bogearraí le haghaidh braiteoirí agus léasar | 15M | 20 |
| 7EC1 | Trealamh le haghaidh loingseoireachta támhúil | 63M | 213 |
| 7EC2 | Trealamh eile a bhaineann le loingseoireacht agus le heitleonaic | 30M | 79 |
| 7EC3 | Córais rialaithe eitilte | 0M | 0 |
| 7EC4 | Trealamh táirgthe le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice | 1M | 20 |
| 7EC5 | Bogearraí le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice | 1M | 30 |
| 7EC6 | Teicneolaíocht le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice | 2M | 40 |
| 8EC1 | Feithiclí intumtha agus soithí barr uisce agus córais gaolmhara muirí, trealamh agus comhpháirteanna | 68M | 52 |
| 8EC2 | Ábhair agus trealamh le haghaidh soithí muirí | 3M | 2 |
| 8EC3 | Bogearraí muirí | 0M | 1 |
| 8EC4 | Teicneolaíocht mhuirí | 0M | 5 |
| 9EC1 | Innill aeraspáis agus gástuirbíní (seachas UAV) | 3,512M | 236 |
| 9EC2 | UAV agus tiomáintí lena n-aghaidh | 225M | 269 |
| 9EC3 | Roicéid agus spásárthaí | 642M | 88 |
| 9EC4 | Roicéadinnill | 112M | 18 |
| 9EC5 | Trealamh le haghaidh gaoth-thollán, saoráidí tástála agus cuasán | 0M | 1 |
| 9EC6 | Bogearraí le haghaidh aerspáis agus tiomána | 30M | 66 |
| 9EC7 | Teicneolaíocht le haghaidh aerspáis agus tiomána | 53M | 112 |
| XEC1 | Eile/neamhliostaithe | 3,194M | 466 |

Sonraí arna soláthar ag 27 mBallstát

*Fíor 6.2: Údaruithe aonair onnmhairiúcháin de réir cineál ítimí (Cuid 2)*

Maidir le cinn scríbe a chumhdaítear le húdaruithe aonair (Fíoracha 7 agus 8), ba í an tSín an ceann scríbe is mó de réir luacha (EUR 9.6 billiún, 36 % den iomlán), agus ina dhiaidh sin na

Stáit Aontaithe (EUR 2,7 billiún, 10 % den iomlán), an Chóiré Theas (EUR 2.6 billiún, 10 % den iomlán), an Ríocht Aontaithe (EUR 1.2 billiún, 5 % den iomlán) agus an India (EUR 1 bhilliún, 4 % den iomlán). Ar an iomlán, is ó na 25 cheann scríbe is mó lasmuigh den Aontas atá 94 % d'údaruithe aonair de réir luacha[31]. Maidir le haistrithe laistigh den Aontas, ba iad na príomhchinn scríbe an Ungáir (EUR 704 mhilliún), an Fhrainc (EUR 507 mhilliún), an Bheilg (EUR 458 milliún), an Ghearmáin (EUR 324 mhilliún) agus an Ísiltír (EUR 234 mhilliún). I gcomparáid le cinn scríbe lasmuigh den Aontas, is cosúil go bhfuil aistrithe laistigh den Aontas teoranta toisc nach gá formhór na n-onnmhairí dé-úsáide laistigh den Aontas a údarú faoin Rialachán. In ionad sin, ní éilítear údaruithe rialaithe onnmhairiúcháin i gcás onnmhairí ítimí dé-úsáide chuig Ballstát eile den Aontas ach amháin in imthosca sonracha faoin Rialachán, amhail i gcás ítimí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán de bhun Airteagal 11(1) nó bunaithe ar bhearta arna ndéanamh ag Ballstát de bhun Airteagal 11(8) den Rialachán.

**Údaruithe aonair onnmhairiúcháin de réir ceann scríbe**




Sonraí arna soláthar ag 27 mBallstát

*Fíor 7: Údaruithe aonair onnmhairiúcháin de réir ceann scríbe*

[31] Tabhair do d'aire go gcomhfhreagraíonn údaruithe onnmhairiúcháin ag a bhfuil ceann scríbe chuig Cónaidhm na Rúise do thrádáil a dhéantar faoi na díolúintí agus na maoluithe teoranta faoi chóras smachtbhannaí an Aontais in aghaidh na Rúise. Féach Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.




*Fíor 8: Údaruithe aonair onnmhairiúcháin de réir na gceann scríbe is mó lasmuigh den Aontas agus de réir cinn scríbe laistigh den Aontas*

## 4.5 Údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána

Is luachanna onnmhairiúcháin measta nó neamhiata is minice a bhíonn sna húdaruithe onnmhairiúcháin foriomlána agus deonaítear iad le haghaidh ítim amháin nó níos mó agus ceann scríbe amháin, nó le haghaidh ítim amháin nó níos mó agus níos mó ná ceann scríbe amháin. Dá réir sin, laghdaíonn údaruithe foriomlána an t-ualach riaracháin ar na húdaráis inniúla agus na honnmhaireoirí le linn dóibh idirbhearta comhchosúla agus/nó idirbhearta rialta a láimhseáil. Chun cuspóirí neamhleata a chosaint, ceanglaítear ar onnmhaireoirí clár inmheánach comhlíontachta a dhréachtú agus a chur isteach chun cáiliú d'údarú foriomlán. Ós rud é leis an Rialachán go bhfágtar faoi Bhallstáit aonair cinneadh a dhéanamh maidir le cumraíocht choincréiteach na n-údaruithe foriomlána, bíonn éagsúlacht ag baint leis na cleachtais ó Bhallstát go chéile.

Chun faisnéis fhiúntach a sholáthar don phobal, agus cleachtais náisiúnta éagsúla agus réasúnaíocht taobh thiar d'údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána á gcur san áireamh, rinneadh na caighdeáin ábhartha maidir le bailiú sonraí agus an tuairisciú a oiriúnú leis na Treoirlínte. Soláthraíonn na Ballstáit sonraí ceadúnúcháin don Choimisiún dá réir sin, agus cuirtear i

dtábhacht (i) luach iomlán na n-údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána (EUR 36.5 billiún, is é sin 47 % den luach údaraithe in 2024) agus (ii) miondealú ar mhéid iomlán na gceadúnas foriomlán de réir chineál na n-ítimí (Fíoracha 10.1 agus 10.2) agus na gceann scríbe (Fíoracha 11.1 agus 11.2).

De réir catagóir ítimí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán (Fíor 9), deonaíodh formhór na n-údaruithe le haghaidh ítimí atá liostaithe faoi Teileachumarsáid agus 'slándáil faisnéise' (31 % den iomlán), Próiseáil ábhar (19 %) agus Braiteoirí agus léasair (13 %).

Is iad na cúig chineál ítim is mó atá cumhdaithe le húdaruithe onnmhairiúcháin foriomlána (Fíoracha 10.1 agus 10.2) Ítimí agus trealamh slándála faisnéise agus criptea-anailíse (19 % den iomlán), Trealamh optúil agus fuaimiúil, comhpháirteanna agus ábhair ghaolmhara; braiteoirí eile (11 %), Pléascáin, liáin agus trealamh gaolmhar (10 %), Bogearraí le haghaidh teileachumarsáide agus na slándála faisnéise (8 %) agus Ceimiceáin thocsaineacha, réamhtheachtaithe, pataiginí, tocsainí agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe, trealamh cosanta agus braite gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara (8 %).




*Fíor 9*: *Údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána de réir catagóir ítimí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821*




*Fíor 10.1*: *Údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána de réir cineál ítimí (Cuid 1)*




*Fíor 10.2: Údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána de réir cineál ítimí (Cuid 2)*

Maidir le cinn scríbe (Fíoracha 11 agus 12), deonaíodh formhór na n-údaruithe de réir méid le haghaidh onnmhairí go dtí an tSín (3 %), an India (2 %), an Téaváin (2 %), an Bhrasaíl (2 %)

agus Singeapór (2 %). Ar an iomlán, níl sna 25 cheann scríbe is mó ach 37 % d'údaruithe de réir mhéid na n-údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána, ós rud é gur minic a chumhdaíonn ceadúnas foriomlán cinn scríbe iomadúla[32].




*Fíor 11*: *Údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána de réir cinn scríbe*

[32] *Ibid*.




*Fíor 12: Údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána de réir na gceann scríbe is mó*

## 4.6 Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas

Eisítear údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas chun trádáil ítimí dé-úsáide a éascú agus, an tráth céanna, an t-ualach riaracháin ar onnmhaireoirí agus ar údaráis rialaithe onnmhairí araon a laghdú. Tugann údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas (UGOnna AE) an leibhéal is airde éascaíochta trádála i gcás earraí dé-úsáide. Deonaítear iad d'onnmhaireoirí ón Aontas a chomhlíonann na réamhchoinníollacha ábhartha atá leagtha síos sa Rialachán. Déantar foráil sa Rialachán maidir le hocht gcineál UGO AE[33].

Bhí formhór mór úsáidí UGOnna AE in 2024 (Fíor 13) ag freagairt do EU001 (99 % i dtéarmaí luacha, 99 % den mhéid), i gcás onnmhairí chuig na 10 gceann scríbe atá leagtha amach san údarú.

**Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas**

| UIMHIR AITHEANTAIS UGO ÓN AONTAS | Luach EUR | Méid |
|---|---|---|
| EU001 | 8,628M | 85,722 |
| EU002 | 5M | 62 |
| EU003 | 10M | 139 |
| EU004 | 3M | 30 |
| EU005 | 0M | 22 |
| EU006 | 11M | 129 |
| EU007 | 0M | 5 |
| EU008 | 38M | 649 |

Sonraí arna soláthar ag 22 Bhallstát

*Fíor 13: Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas*

Deonaíonn na Ballstáit údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta d'onnmhaireoirí a thugann fógra d'údaráis inniúla agus na réamhchoinníollacha ábhartha a bhunaítear le dlíthe náisiúnta is infheidhme á gcomhlíonadh acu.

I bhFíor 14, miondealaítear luach UGOnna AE agus náisiúnta de réir na gcatagóirí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Comhfhreagraíonn na luachanna is airde do

[33] EU001 – Onnmhairí chuig an Astráil, Ceanada, an Íoslainn, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis, Lichtinstéin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá
EU002 – Ítimí áirithe dé-úsáide a onnmhairiú chuig cinn scríbe áirithe
EU003 – Onnmhairiú tar éis deisiúcháin/athsholáthair
EU004 – Onnmhairiú sealadach le haghaidh taispeántas nó aontaí
EU005 – Teileachumarsáid
EU006 – Ceimiceáin
EU007 – Aistrithe teicneolaíochta inghrúpa
EU008 – Criptiú

Theileachumarsáid agus ‘slándáil faisnéise’ (EUR 3.5 billiún, 44 % den iomlán), Leictreonaic (EUR 3.3 billiún, 42 % den iomlán), agus Próiseáil ábhar (EUR 0.3 billiún, 4 % den iomlán).




*Fíor 14: Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta de réir catagóir ítimí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821*

Le miondealú luach UGOnna AE agus UGOnna náisiúnta de réir chineál na n-ítimí (Fíoracha 15.1 agus 15.2), léirítear gurb iad na 5 ítim is mó Ítimí agus trealamh slándála faisnéise agus criptea-anailíse (EUR 3.5 billiún, 44 % den iomlán), Trealamh chun feistí nó ábhair leathsheoltóra a mhonarú agus a thástáil (EUR 3.2 billiún, 40 % den iomlán), Uirlisí agus córais meaisíní agus comhpháirteanna le haghaidh trealamh tionsclaíoch (EUR 0.2 billiún, 2 % den iomlán), AGF agus tiomáintí lena n-aghaidh (EUR 0.2 billiún, 2 % den iomlán) agus Léasair, trealamh gaolmhar agus ábhair ghaolmhara (EUR 0.1 billiún, 2 % den iomlán).

**Údaruithe onnmhairiúcháin ginearálta náisiúnta agus ón Aontas de réir na gcineálacha ítimí in Iarscríbhinn A a ghabhann le MOLADH (AE) ón gCOIMISIÚN 2024/214**

| Cineál ítim | | Luach EUR |
|---|---|---|
| 0EC1 | Ábhair, saoráidí, gléasra agus trealamh núicléach | 1M |
| 1EC1 | Ábhair, comhpháirteanna agus struchtúir le haghaidh aerárthaí/aeraspáis | 4M |
| 1EC2 | Pléascáin, liáin agus trealamh gaolmhar | 4M |
| 1EC3 | Ábhair shnáithíneacha, fhiliméadacha, agus trealamh táirgthe | 23M |
| 1EC4 | Miotail agus cóimhiotail speisialta agus trealamh lena n-aghaidh | 11M |
| 1EC5 | Ítimí agus trealamh sa réimse núicléach | 2M |
| 1EC6 | Ceimiceáin thocsaineacha, réamhtheachtaithe, pataiginí, tocsainí agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe, trealamh cosanta agus braite gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara | 33M |
| 1EC7 | Bogearraí le haghaidh ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar | 0M |
| 1EC8 | Teicneolaíocht le haghaidh ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar | 1M |
| 2EC1 | Uirlisí agus córais meaisín agus comhpháirteanna le haghaidh trealamh tionsclaíoc | 197M |
| 2EC2 | Trealamh monaraithe ceimicigh agus bitheolaíoch | 125M |
| 2EC3 | Bogearraí le haghaidh próiseáil ábhar | 12M |
| 2EC4 | Teicneolaíocht le haghaidh próiseáil ábhar | 1M |
| 3EC1 | Ítimí leictreonacha agus comhpháirteanna leictreonacha | 65M |
| 3EC2 | Cóimeálacha leictreonacha, modúil leictreonacha agus trealamh leictreonach | 9M |
| 3EC3 | Ítimí leictreonacha is féidir a úsáid i bhfeidhmeanna núicléacha | 3M |
| 3EC4 | Trealamh chun feistí leathsheoltóra a mhonarú agus a thástáil ábhair | 3,202M |
| 3EC5 | Ábhair leathsheoltóra | 4M |
| 3EC6 | Bogearraí le haghaidh leictreonaic | 0M |
| 3EC7 | Teicneolaíocht le haghaidh leictreonaic | 20M |
| 4EC1 | Ríomhairí | 19M |
| 5EC1 | Ítimí agus trealamh teileachumarsáide | 2M |

Sonraí arna soláthar ag 16 Bhallstát

*Fíor 15.1: Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta de réir cineál ítimí (Cuid 1)*

**Údaruithe onnmhairiúcháin ginearálta náisiúnta agus ón Aontas de réir na gcineálacha ítimí in Iarscríbhinn A a ghabhann le MOLADH (AE) ón gCOIMISIÚN 2024/214**

| Cineál ítim | | Luach EUR |
|---|---|---|
| 5EC2 | Ítimí agus trealamh slándála faisnéise agus criptea-anailíse | 3,497M |
| 5EC3 | Bogearraí le haghaidh teileachumarsáide agus na slándála faisnéise | 20M |
| 5EC4 | Teicneolaíocht le haghaidh teileachumarsáide agus na slándála faisnéise | 1M |
| 6EC1 | Trealamh optúil agus fuaimiúil, comhpháirteanna gaolmhara agus ábhair ghaolmhara; braiteoirí eile | 70M |
| 6EC2 | Léasair, trealamh gaolmhar agus ábhair ghaolmhara | 138M |
| 6EC3 | Córais radair, trealamh gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara | 33M |
| 6EC4 | Bogearraí le haghaidh braiteoirí agus léasar | 2M |
| 7EC1 | Trealamh le haghaidh loingseoireachta támhúil | 18M |
| 7EC2 | Trealamh eile a bhaineann le loingseoireacht agus le heitleonaic | 3M |
| 7EC3 | Córais rialaithe eitilte | 0M |
| 7EC4 | Trealamh táirgthe le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice | 1M |
| 7EC5 | Bogearraí le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice | 0M |
| 7EC6 | Teicneolaíocht le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice | 12M |
| 8EC1 | Feithiclí intumtha agus soithí barr uisce agus córais gaolmhara muirí, trealamh agus comhpháirteanna | 2M |
| 9EC1 | Innill aeraspáis agus gástuirbíní (seachas UAV) | 45M |
| 9EC2 | UAV agus tiomáintí lena n-aghaidh | 192M |
| 9EC3 | Roicéid agus spásárthaí | 54M |
| 9EC4 | Roicéadinnill | 0M |
| 9EC5 | Trealamh le haghaidh gaoth-thollán, saoráidí tástála agus cuasán | 2M |
| 9EC6 | Bogearraí le haghaidh aerspáis agus tiomána | 1M |
| 9EC7 | Teicneolaíocht le haghaidh aerspáis agus tiomána | 1M |
| XEC1 | Eile/neamhliostaithe | 105M |

Sonraí arna soláthar ag 16 Bhallstát

*Fíor 15.2: Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta de réir cineál ítimí (Cuid 2)*

Maidir le cinn scríbe a údaraíodh faoi UGOnna AE agus náisiúnta, ba iad na 5 cinn is mó na Stáit Aontaithe (EUR 5.3 billiún, 55 % den iomlán), an Ríocht Aontaithe (EUR 1.5 billiún, 16 % den iomlán), an Iorua (EUR 0.6 billiún, 6 % den iomlán), an Eilvéis (EUR 0.6 milliún, 6 % den iomlán) agus an tSeapáin (EUR 0.3 milliún, 4 % den iomlán). Léiríonn sé sin go bhfuil formhór mór na n-onnmhairí dé-úsáide a chumhdaítear le UGOnna dírithe ar thíortha atá liostaithe in UGO AE EU001, rud a léiríonn freisin go bhfuil luach na n-onnmhairí a údaraítear faoi UGOnna AE i bhfad níos airde ná mar atá faoi UGOnna náisiúnta (EUR 9 billiún i gcomparáid le EUR 1 billiún, de réir Fhíor 4).




*Fíor 16*: *Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta de réir cinn scríbe*

**Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta de réir cinn scríbe**

| Ceann scríbe | Luach EUR |
|---|---|
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 5,333M |
| An Ríocht Aontaithe | 1,514M |
| An Iorua | 585M |
| An Eilvéis | 554M |
| An tSeapáin | 349M |
| Singeapór | 200M |
| An Úcráin | 183M |
| Ceanada | 116M |
| Iosrael | 109M |
| Meicsiceo | 107M |
| An Astráil | 92M |
| An Afraic Theas | 77M |
| An Tuirc | 59M |
| An Nua-Shéalainn | 57M |
| An Chóiré Theas | 56M |
| An Bhrasaíl | 56M |
| Maracó | 28M |
| An tSín | 28M |
| An Mhalaeisia | 17M |
| An Indinéis | 17M |
| An Iordáin | 16M |
| An India | 13M |
| An Chéinia | 13M |
| An tSeirbia | 12M |
| An Túinéis | 9M |
| An Íoslainn | 8M |
| An Nigéir | 7M |
| An Ailgéir | 7M |
| Catar | 6M |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 6M |
| An tSeoirsia | 5M |
| Oileán Mhuirís | 4M |
| An Tansáin | 4M |
| Angóla | 4M |
| An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 3M |
| Bairéin | 3M |
| An Airgintín | 3M |
| An Araib Shádach | 3M |
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 2M |
| An Cósta Eabhair | 2M |
| An Téalainn | 2M |
| An Mhacadóin Thuaidh | 2M |
| Camarún | 2M |
| An tSeineagáil | 2M |
| Vítneam | 2M |
| An Albáin | 2M |
| Uganda | 2M |
| An Ghabúin | 2M |
| An Aetóip | 2M |
| An Mhaláiv | 2M |

Sonraí arna soláthar ag 19 mBallstát

*Fíor 17: Údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta de réir na gceann scríbe is mó*

### 4.7 Úsáideoirí cláraithe údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta agus údaraithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas

Chun faisnéis a sholáthar faoi fhógraí onnmhaireoirí i gcomhréir leis an Rialachán[34], áirítear leis an tuarascáil bhliantúil sonraí maidir leis an líon onnmhaireoirí a thug fógra don údarás inniúil nó atá cláraithe leis an údarás inniúil chun údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas nó údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta a úsáid.

In 2024, bhí 12 093 onnmhaireoir ar an iomlán ag úsáid údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin, lena n-áirítear 50 % díobh a bhí ag úsáid EU001, agus bhí 37 % d'onnmhaireoirí ag úsáid údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta. Maidir le fógraí nó clárúcháin céadúsáide in 2024, ba iad na figiúirí 1 044 i gcás UGOnna AE (45 % i gcás EU001) agus 644 i gcás UGOnna náisiúnta.




*Fíor 18: Onnmhaireoirí atá cláraithe nó ar tugadh fógra dóibh údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontais agus údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta a úsáid*

## 5. Sonraí maidir le hítimí dé-úsáide a aicmítear mar ítimí cibearfhaireachais de réir Airteagal 2(20) den Rialachán

In 2024, fuair na Ballstáit 320 iarratas san iomlán (Fíor 19) chun ítimí cibearfhaireachais a onnmhairiú, i ndáil le córais idircheaptha teileachumarsáide den chuid is mó (233 iarratas), agus

[34] I gcomhréir leis na forálacha d'údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán, *[a]n t-onnmhaireoir a úsáideann an t-údarú seo, ní mór dó fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó bunaithe faoi chéadúsáid an údaraithe seo laistigh de 30 lá ón dáta a rinneadh an chéad onnmhairiú nó, de rogha air sin, agus i gcomhréir le ceanglas ó údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó bunaithe, roimh chéadúsáid an údaraithe seo. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin sásra maidir le fógra a thabhairt arna roghnú don údarú seo. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a dtabharfar fógra dó ina leith a fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

ina dhiaidh sin bogearraí faireacháin cumarsáide (46 iarratas), agus bogearraí ionraidh (18 n-iarratas). Léiríonn Fíoracha 20.1 agus 20.2 71 cheann scríbe na n-iarratas chum ítimí cibearfhaireachais a onnmhairiú. In 2024, eisíodh 293 údarú agus diúltaíodh 13 n-údarú. Léiríonn sé sin líon sách cobhsaí ceadúnas le haghaidh ítimí cibearfhaireachais (330 ceadúnas a eisíodh in 2023), ag léiriú go bhfuil an treocht a bhí ag dul in airde a chonacthas ó 2020 ag teacht chun deiridh. Ba chosúil go raibh laghdú ag teacht ar an líon diúltuithe maidir le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais[35] (20 diúltú in 2023).




*Fíor 19: Iarratais chun ítimí cibearfhaireachais a onnmhairiú*[36]

[35] Tá tuilleadh faisnéise faoi ítimí cibearfhaireachais le fáil i dTreoirlínte an 16 Deireadh Fómhair 2024, dá dtagraítear i bhfonóta 7.

[36] Tabhair do d'aire go gceanglaítear le hAirteagal 11 den Rialachán freisin ceadúnais a eisíonn na Ballstáit i gcás onnmhairí laistigh den Aontas d'ítimí cibearfhaireachais sonracha a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán.




*Fíor 20.1: Iarratais ar onnmhairiú ítimí cibearfhaireachais de réir ceann scríbe*

**Iarratais ar onnmhairiú ítimí cibearfhaireachais de réir ceann scríbe**

| | | | |
|---|---|---|---|
| AE | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | LA | Laos |
| AL | An Albáin | LY | An Libia |
| AM | An Airméin | MA | Maracó |
| AR | An Airgintín | MD | An Mholdóiv |
| AU | An Astráil | MN | An Mhongóil |
| AZ | An Asarbaiseáin | MX | Meicsiceo |
| BA | An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | MY | An Mhalaeisia |
| BB | Barbadós | MZ | Mósaimbíc |
| BD | An Bhanglaidéis | NA | An Namaib |
| BI | An Bhurúin | NG | An Nigéir |
| BJ | Beinin | NO | An Iorua |
| BN | Brúiné | NZ | An Nua-Shéalainn |
| BR | An Bhrasaíl | OM | Óman |
| BW | An Bhotsuáin | PH | Na hOileáin Fhilipíneacha |
| CA | Ceanada | PK | An Phacastáin |
| CH | An Eilvéis | QA | Catar |
| CI | An Cósta Eabhair | RS | An tSeirbia |
| CL | An tSile | RW | Ruanda |
| CO | An Cholóim | SG | Singeapór |
| DO | An Phoblacht Dhoiminiceach | SO | An tSomáil |
| DZ | An Ailgéir | SR | Suranam |
| EG | An Éigipt | TH | An Téalainn |
| GB | An Ríocht Aontaithe | TL | An Tíomór Thoir |
| GE | An tSeoirsia | TM | An Tuircméanastáin |
| GH | Gána | TR | An Tuirc |
| GN | An Ghuine | TT | Oileán na Tríonóide agus Tobága |
| HN | Hondúras | TW | An Téaváin |
| ID | An Indinéis | TZ | An Tansáin |
| IL | Iosrael | UA | An Úcráin |
| IN | An India | UG | Uganda |
| IQ | An Iaráic | US | Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| JM | Iamáice | UZ | An Úisbéiceastáin |
| JO | An Iordáin | VN | Vítneam |
| JP | An tSeapáin | ZA | An Afraic Theas |
| KH | An Chambóid | ZM | An tSaimbia |
| KZ | An Chasacstáin | | |

*Fíor 20.2: Iarratais ar onnmhairiú ítimí cibearfhaireachais de réir ceann scríbe*

## 6. FAISNÉIS MAIDIR LE RIARACHÁN AGUS FORFHEIDHMIÚ

Chuir na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas in iúl maidir le riar agus forfheidhmiú an Rialacháin in 2024:

a) an líon ball foirne (coibhéis lánaimseartha) a bhfuil baint dhíreach acu le riar rialuithe san Aontas: 415;

b) an líon imeachtaí for-rochtana a eagraíodh le linn na bliana tagartha: 154;

c) an líon iniúchtaí comhlíontachta a rinneadh sa bhliain, lena n-áirítear na hiniúchtaí sin a rinne gníomhaireachtaí custaim nó gníomhaireachtaí eile: 1 353;

d) an líon sáruithe arna dtuairisciú: 270;

e) an líon pionós riaracháin agus coiriúil nó fíneálacha arna bhforchur (ag aon ghníomhaireacht náisiúnta forfheidhmithe ábhartha) i gcás sárú ar rialacháin maidir le rialú onnmhairí: 144; agus

f) úsáid uirlisí rialaithe onnmhairí:

- Na Ballstáit a úsáideann córas ríomhcheadúnúcháin[37]: 19;
- Na Ballstáit a úsáideann uirlisí aicmithe[38]: 4; agus
- Na Ballstáit a úsáideann uirlisí nó bogearraí eile chun tacú le cur i bhfeidhm rialuithe: 9.

[37] Is ardán gréasáin é ríomhcheadúnú chun údaruithe maidir le honnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a iarraidh, amhail bogearraí agus teicneolaíocht.
[38] Is féidir le huirlisí den sórt sin cuidiú le honnmhaireoirí agus le húdaráis náisiúnta ítimí a aicmiú.